



Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin

Deireadh Fómhair 2015 go
Meán Fómhair 2016



Clár Ábhar

Réamhrá an Uachtaráin	3
Cúrsaí Fairsingíocha DCU	5
Dul Chun Cinn Dearfach	8
An Chéad Dámh Oideachais in Éirinn	10
Mná i gCeannaireacht	12
Ag Cuimhneamh ar 1916	15
Ollscoil na Fiontraíochta	17
Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile	19
Tinreamh an Údaráis Rialaithe	21

Réamhrá an Uachtaráin



Ba thréimhse fhíor-stairiúil í an 12 mhí seo a chuaigh thart d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Rinneamar cur i gcrích an phróisis chorpraithe a chomóradh. Seo anois tús na hoibre déine.

Mar gheall an gcorprú féadfar méadú mór a dhéanamh ar líon na mac léinn. Sa bhreis ar mhéadú dhaonra na mac léinn, tá trí champas acadúla ag DCU anois i gceantar Ghlas Naíon - Dhroim Conrach, agus is í an ollscoil is mó fás anois in Éirinn. Trí leas a bhaint as traidisiúin uaisle Choláiste Pádraig, Institiúid Mater Dei agus Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, bhunaíomar an chéad dámh oideachais de chuid na hÉireann, Institiúid Oideachais DCU. Ar ndóigh, agus níos mó ná 120 acadóir lánaimseartha agus cohórt de bheagnach 4,000 mac léinn ann, is ceann de na saoráidí Oideachais is mó í san Eoraip anois.

Leis an tuarascáil seo léirítear ní hamháin bua DCU i réimse an Oideachais, ach mar ghné di tá sampla den nuáil agus den bharr feabhais dár gcuid i ndisciplíní, i réimsí taighde agus i ngníomhaíochtaí eile. I réimse na Sláinte Daonna, cuirtear samplaí ar fáil sa tuarascáil de cheannaireacht na hOllscoile maidir le dul i ngleic le raon de dhúshláin thábhachtacha amhail néaltrú, cailliúint radharc na súl agus galar cardashoithíoch. Feicfidh tú freisin go raibh réitigh nua iontacha á gcruthú ag ár campas nuála, DCU Alpha, maidir le raon d'fhadhbanna na sochaí, le 12 mhí anuas.

I mbliana chuireamar tús freisin le haistear nua iontach i dtreo comhionannais agus éagsúlachta níos mó i bpobal foirne DCU. Tá seoladh na sraithe tionscnamh Mná i gCeannaireacht deartha chun líon na mban a mhéadú a bhfuil poist acadúla shinsearacha á mbaint amach acu. Trí thacaíochtaí agus trí mheantóireacht a thairiscint agus trí eiseamláirí láidre a thabhairt chun suntais, is é aidhm Mná i gCeannaireacht an chéad ghlúin eile de cheannairí ban a spreagadh chun clú a thuilleadh daoibh féin ag DCU.

Mar fhocal scoir, bhí lúcháir orainn a fhógairt gur ceapadh an Dr Martin McAleese an athuair mar Sheansailéir na hOllscoile don dara téarma 5 bliana. Bhí ról tábhachtach aige maidir leis an Ollscoil a stiúradh sa ina chéad téarma. Mar Sheansailéir, oibríonn an Dr McAleese go dlúth le hÚdarás Rialaithe DCU d'fhonn dea-rialachas, macántacht agus cuntasacht a chinntiú ar fud na hOllscoile, agus maoirseacht á déanamh aige ar threo straitéiseach na hOllscoile, an plean straitéiseach á fhaomhadh agus a chur i bhfeidhm rathúil á chinntiú. Guímid gach rath air ar feadh na gcúig bliana le teacht. Le dea-mhéin An tOllamh Brian Mac Craith

Le dea-mhéin,

An tOllamh Brian Mac Craith

Cúrsaí Fairsingíocha DCU



Na doiciméid dhlíthiúla á síniú chun an Corprú a thabhairt chun críche. Ar chúl: Príomhoifigeach Oibríochtaí an Dr Declan Rafferty, Stiúrthóir Acmhainní Daonna Marian Burns, Stiúrthóir Airgeadais Ciaran McGivern. Chun tosaigh: Uachtarán DCU an tollamh Brian Mac Craith, Seansailéir DCU an Dr Martin McAleese.

Ba bhliain mhór í don ollscoil is mó fás in Éirinn, de réir mar a chuir DCU an Clár Corpraithe i gcrích, agus an chéad dámh oideachais de chuid na hÉireann bunaithe aici agus comhaontú faighte aici chun Coláiste na Naomh Uile a cheannach.

Ba lá stairiúil é an Aoine 30 Meán Fómhair d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus cur i gcrích Chlár Corpraithe DCU á chomóradh. Trí shíniú na ndoiciméad dlíthiúil uile lena gcuirtear taca faoin gclár Corpraithe, tugadh an próiseas 4 bliana chun críche go rathúil.

Bhí baint amach na garsprice sin ag brath go mór ar obair chrua agus ar thiomantas na gcéadta daoine ar fud na gceithre institiúid - Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann (CICE), DCU, Institiúid Oideachais Mater Dei agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

Is ionann an Corprú agus caibidil nua iontach i stair DCU. Cuireadh tús leis an aistear i ndáiríre agus an aidhm chomhchoiteann againn oideachas, foghlaim, taighde agus nuáil a chur chun cinn san Ollscoil mhéadaithe agus ar an mbealach sin cur le bunathrú dearfach inár sochaí choiteann. Tá pobal na hOllscoile ag baint leas cheana féin as na tairbhí a bhaineann le baill foirne bhreise agus le mic léinn breise ó na hinstitiúidí corpraithe.



Campas Choláiste na Naomh Uile



Institiúid Mater Dei



Campas Choláiste Phádraig



Mar gheall ar an gcorprú bhíothas ábalta Institiúid Oideachais DCU a chruthú, trí chur le chéile CICE, Institiúid Oideachais Mater Dei agus Coláiste Phádraig. Is garspíoc shuntasach é sin don Ollscoil, agus don oideachas in Éirinn ina iomláine. Is í an Institiúid an chéad Dámh Oideachais iomlán in Éirinn, agus foireann de níos mó ná 125 acadóir lánaimseartha agus beagnach 4,000 mac léinn ann. Is ceann de Shaoráidí Oideachais is mó í san Eoraip cheana féin.

San Institiúid nua tugtar mic léinn an oideachais le chéile ar fud na n-earnálacha uile ó oideachas luathóige, go bunoidéachas agus iar-bhunoideachas agus breisoideachas agus oiliúint. Chomh maith le raon de chlárí fochéime san oideachas a sholáthar, cuireann an Institiúid roghchlár saibhir de chlárí iarchéime ar fáil a mhúinteann agus atá bunaithe ar thaighde ar leibhéal dochtúireachta, máistreachta, dioplóma agus teastais.

Mar lárionad saineolais agus barr feabhais in oideachas do mhúinteoirí agus san oideachas go ginearálta, óstálann sí raon de lárionaid taighde i bpríomh-réimsí tosaíochta agus tá clár uailmhianach taighde aici ar fud an oideachais. Agus saineolaithe aici ar pholasaí, ar churaclam agus oideolaíocht, ar mheasúnú agus ar oideachas do mhúinteoirí atá aitheanta ar bhonn idirnáisiúnta, cuireann an Institiúid timpeallacht foghlama ar fáil atá dírithe ar an mac léinn agus atá ionchuimsitheach.

I mbliana, thug DCU ceannach Champas Choláiste na Naomh Uile chun críche - céim dhearfach eile i bhforbairt agus i méadú DCU. Trí cheannach an láithreáin 6.74 heicteár i nDroim Conrach daingnítear misean oideachais an champais agus déantar mic léinn atá ann cheana a éascú leis chun a gcuid staidéir a chríochnú.

Is cúis bhróid é do DCU bheith in ann leanúint le traidisiún fada an oideachais a bhaineann le Coláiste na Naomh Uile. Mar ómós dá oidhreacht 174 bliana, rinne Coláiste na Naomh Uile Seachtain Féile a óstáil i Mí Iúil seo caite chun obair agus éachtaí an Choláiste ó 1842 go dtí 2016 a cheiliúradh. Tá naisc ag an gColáiste le DCU ó 2004. Is cuid dhílis é Campas na Naomh Uile de chuid DCU arna ainmniú le déanaí den fhís atá againn do DCU nua de réir mar a dhéanaimid cumas a thógáil agus saoráidí nua a fhorbairt don ollscoil is mó fás in Éirinn.



Dul Chun Cinn Dearfach

Chonacthas forbairtí iontacha sa bhliain seo caite i dtaighde de chuid DCU sna réimsí Sláinte agus Eolaíocht Dhaonna. Tá taighdeoirí DCU ag dul i ngleic le stróc, le cailliúint radharc na súl agus galar croí, agus tá siad ag comhoibriú ar fud disciplíní chun cineálacha cur chuige an 21 haois a chruthú maidir le cúram d'othair.

AN CHÉAD TRASPHLANDÚ GASCHILLE COIRNÍ ARNA CHUR I BHFEIDHM RIAMH IN ÉIRINN

Mar thoradh ar thaighde ag Institiúid Náisiúnta um Biteicneolaíocht Cheallach (NICB) DCU rinneadh an chéad trasphlandú Gaschille Liombaí an 7 Meitheamh 2016 ag Ospidéal Súl is Cluas Victoria Ríoga (RVEEH). Leis an máinliacht sábhála radhairc súl cuirtear trédhearcacht ar ais sa choirne - an cruinneachán trédhearcach atá chun tosaigh sa tsúil. Ach braitheann sé ar fhoinsé gaschille liombaí shlán san fhaighteoir le haghaidh rath fadtéarma.

D'fhorbair foireann ag an NCIB, faoi cheannas an Dr Finbarr O'Sullivan, an Dr Kishore Reddy agus an Dr Clair Gallagher, próiseas le haghaidh gaschealla liombacha a fhás agus glacadh leis ina dhiaidh sin ag an mBanc Súl ag Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS).

Dúirt an Dr Finbarr O'Sullivan, taighdeoir comhcheannais NICB ar an tionscadal "Mar thaighdeoir is iontach an rud é rud ar a n-oibríonn tú sa tsaotharlann a fheiceáil ag teacht chun cinn sa saol réadúil d'fhonn saol duine éigin a fheabhsú. Is mar gheall ar an gcomhoibriú idir na trí chomhpháirtithe i bhforbairt an phróisis a tharla sin."



Tá taighde NICB ag cuidiú le hothair a radharc súl a fháil ar ais arís.

TARRAINGIÓNN GRÚPA TAIGHDE FAOI CHEANNAS DCU AIRD AR AN mBEALACH AR AGHAIDH CHUN NÉALTRÚ A CHOSC

Aithnítear néaltrú mar cheann de na dúshláin phríomhúla atá os comhair ár sochaí. In Éirinn, meastar go bhfuil thart ar 48,000 duine i líon na ndaoine a bhfuil néaltrú acu ach tá sé réamh-mheasta go ndéanfar an líon sin a dhúbailt sna 20-25 bliana le teacht.

Tá DCU i gceannas ar thionscadal taighde arna mhaoiniú ag an AE ar a dtugtar In-MINDD (Idirghabháil Meánaoise, Nuálach le haghaidh Bac a chur roimh Néaltrú). Bhí 450 othar páirteach ann ar fud 36 cleachtas in Éirinn, in Albain, sa Fhrainc agus san Ísiltír. Maítear le réamh-thorthaí an staidéir gur féidir tús an néaltraithe i mblianta níos déanaí a chosc nó bac a chur roimhe trí bheart a dhéanamh maidir le tosca riosca áirithe sa mheánaois.

Shainaithin an grúpa na tosca riosca a leanas: Dúlagar, hipirtheannas meánaoise, neamhghníomhaíocht fhisiceach, diaibéitis, otracht mheánaoise, hipirlipidéime, caitheamh tobac, galar corónach croí, mífheidhmiú duánach, cothú agus gníomhaíocht chognaíoch. Sainaithníodh freisin leis an staidéar In-MINDD go raibh tuiscint ar leibhéal íseal ar na tosca sin agus ar bhearta coisctheacha i measc gairmithe sláinte agus i measc iad siúd a bhfuil néaltrú acu. Déanta na fírinne, ba é an dearcadh go minic go raibh géinitic ina fachtóir níos mo ná stíl bheatha agus gníomhaíochtaí an duine aonair.



Seimineár In-MINDD

MAOINIÚ AIMSITHE AG ACADÓIRÍ DCU DO THIONSCADAL SLÁINTE NUÁLACH €5.1M



Tá DCU i gceannas ar thionscadal €5.1m a bhfuil mar aidhm leis iarchúram a fheabhsú d'othair stróic agus nuálaíochtaí teicneolaíochta a mhéadú lena ndéanfar cáilíocht a mbeatha a fheabhsú. Tá an Tionscadal Iar-Stróic MAGIC faoi cheannas acadóirí ó Scoil Ghnó DCU, an Ollaimh Regina Connolly agus an Dr Paul Davis, agus tá maoiniú 70% aige ó H2020, clár AE le haghaidh taighde agus nuála.

Teastaíonn seirbhísí iar-stróc ó níos mó ná 508,000 saoránach AE gach bliain ach tá na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ag streachailt chun tacaíocht a sholáthar d'othair chun téarnamh níos iomláine a dhéanamh. Beidh MAGIC rannpháirteach le fiontair san earnáil cúraim mhíochaine agus i réimsí eile a raibh teicneolaíochtaí á bhforbairt acu sa réimse a bhaineann le cúram iar-stróc. Is é aidhm an tionscadail obair a dhéanamh leis na fiontair sin chun na réitigh cúraim sláinte nuálacha sin a mhéadú, agus iad a chur ar fáil go leathan d'othair stróc atá ag bisiú.

I measc na gcomhpháirtithe tá Ollscoil Uladh, Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialta Réigiúnach RA, Infheistíocht TÉ agus comhpháirtithe i bPoblacht na Seice, sa Danmhairg, san Fhionlainn, san Iodáil, i Lucsamburg agus sa Spáinn. Mairfidh an tionscadal MAGIC go dtí 2019.



Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna DCU

DCU ARNA BUNÚ MAR LÁRIONAD IDIRNÁISIÚNTA DO THAIGHDE ALTRANAIS

Is í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad lárionad taighde agus forbartha in Éirinn arna chreidiúnú ag an gComhairle Idirnáisiúnta Altraí (ICN). Chuir an Scoil Altranais agus Eolaíochtaí Daonna iarratas isteach ar an gcreidiúnú in Eanáir 2016 agus ainmníodh í mar Lárionad Creidiúnaithe ICN do Thaighde agus d'Fhorbairt um Rangú Idirnáisiúnta do Chleachtas Altranais (ICNP).

Is ceann amháin DCU de thrí lárionad creidiúnaithe déag ar fud an domhain. Leis sin cuirfear ar chumas lárionad DCU naisc dhearfacha a chruthú leis na lárionaid eile sin agus maoiniú a rochtain as tionscnaimh amach anseo.

Is é aidhm ghrúpa ICNP DCU grúpa úsáideoirí a bhunú do théarmaíocht altranais i bPoblacht na hÉireann agus braislí taighde a chur ar bun. Scaipfidh an lárionad taighde freisin tríd an gCumann Altranais Náisiúnta, trí Eagraíocht Altraí agus Cnáimhseach na hÉireann, trí chomhdhála, trí irisleabhair agus trí fhoilseacháin.

FEABHSÓFAR CÓIREÁIL D'OTHAIR I MBAOL TAOM CROÍ LE TÁSTÁIL NUA LE HAGHAIDH TÉACHTÁIN FOLA

Tá DCU ina cuid de chuibhreannas atá ag obair chun tástáil dhiagnóiseach nua a chur ar an margadh lena bhfeabhsaítear cóireáil d'othair a bhfuil galar cardashoithíoch acu.

D'fhorbairt an tOllamh Dermot Kenny (RCSI, Príomh-Imscrúdaitheoir, BDI) agus an tOllamh Antonio Ricco (Ollamh Taca Cúnta, DCU, Príomh-Imscrúdaitheoir, BDI) tástáil bunaithe i saotharlann, chun daoine a shainaitheint atá i mbaol ard fo-iarmhairtí as cógas frith-phláitín (frith-théachtáin fola).

D'fhéadfadh 10-30% d'othair a dhéantar an cógas sin a oideasú dóibh fo-iarmhairtí suntasacha a fhulaingt. Leis an tástáil dhiagnóiseach nua is féidir othair a shainaitheint a d'fhéadfadh claonadh a bheith acu maidir le hiarmhairtí diúltacha agus cuirtear ar chumas dochtóirí léi conairí cóireála níos sábháilte a chur i bhfeidhm.

Tá DCU ag comhoibriú le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), le hOllscoil Éireann, Gaillimh (NUIG), le cuideachta cúraim mhíochaine Becton, Dickinson & Cuid. ar an tionscadal d'fhonn an tástáil a dhéanamh inmharthana go tráchtáil. Cuirtear ar chumas an chuibhreannais ag an Institiúid Diagnóisice Bithleighis (BDI) arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI).

An Chéad Dámh Oideachais in Éirinn



Institiúid Oideachais DCU

Tríd an bpróiseas
Corpraithe cruthaíodh deis
uathúil lena dtugtar mais
chriticiúil de shaineolas
in Oideachas le chéile
agus bunaíodh Institiúid
Oideachais DCU mar
thoradh air sin.

I Mí Iúil 2012, d'fhoilsigh painéal athbhreithnithe idirnáisiúnta a cuireadh de chúram air comhairle a sholáthar don Údarás Ardoideachais (HEA) maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí tuarascáil ar a dtabharfar Tuarascáil Sahlberg ina dhiaidh sin.

Moladh sa tuarascáil "gur cheart oideachas múinteoirí a éascú i suíomh ollscoile le naisc chórasacha le cleachtas cliniciúil i scoileanna allamuigh ina soláthraítear, nuair is féidir, an raon iomlán d'oideachas múinteoirí earnála, ó oideachas luathóige go hoideachas aosaigh."

Bhí DCU breá ábalta freagairt don mholadh sin. Chomh maith leis an Scoil um Staidéar Oideachais dá cuid féin, bhí naisc bunaithe againn le Coláiste Phádraig, Droim Conrach, agus le hInstitiúid Mater Dei. In 2016, bunaíodh Institiúid Oideachais DCU trí na hInstitiúidí sin a chorprú in éineacht le Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann.

Is í an Institiúid an t-aon Dámh Oideachais de chuid na hÉireann, agus tá sí ar chinn de na cinn is mó san Eoraip. Tá níos mó ná 125 acadóir lánaimseartha aici mar aon le cohórt de bheagnach 4,000 mac léinn atá ag obair agus ag staidéar ar fud earnálacha uile an chórais oideachais. Is í an fhís atá ag Institiúid Oideachais DCU go mbeidh sí aitheanta mar cheannaire domhanda faoi 2022 i réimse an oideachais, agus mar sholáthraí nuálach oideachais do mhúinteoirí, agus mar ionad barr feabhais i dtaighde ar oideachas.

Sa bhreis ar líon mór de bhaill foirne atá gníomhach i dtaighde, déanann an Institiúid Oideachais lárionaid taighde ar an mórchóir a óstáil: an Lárionad Taighde um Measúnú, Cáilíocht agus Iniúchadh (EQI), an Lárionad le haghaidh Teagasc agus Foghlaim ETIM a Chur Chun Cinn (CASTeL), an Lárionad Frithbhulaíochta Náisiúnta (ABC) agus an Lárionad um Thaighde agus Polasaí Measúnaithe in Oideachas (CARPE).



Tá CARPE dírithe ar mheasúnú mac léinn.

TAIGHDE AG INSTITIÚID OIDEACHAIS DCU MEASÚNÚ A FHEABHSÚ

In 2016, bhunaigh Institiúid Oideachais DCU an Lárionad um Thaighde agus Polasaí Measúnaithe in Oideachas (CARPE). Tá sé fócasaithe ar bhealaí nua agus níos fearr a fhorbairt chun scoláirí Éireannacha a mheasúnú ag céimeanna uile an chontanaim oideachais ó oideachas luathóige go dtí an ceathrú leibhéal. Déanann sé imscrúdú freisin ar phróisis chun scóir tástála atá cothrom agus bailí a chinntiú d'iaratasóirí ar cheadúnais agus ar dheimhnithe gairmiúla.

Díreoidh CARPE go gníomhach ar thaighde agus ar fhorbairt ardchaighdeán a dhéanamh maidir le measúnú, chomh maith le líonraí domhanda a bhunú agus cuidiú le ceapadh polasaithe maidir le measúnú. Tá tionscadal taighde comhpháirteach an lárionaid i gcomhpháirtíocht le Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) ina eiseamláir maidir le conas a thuigtear agus a úsáidtear tástálacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta i mbunscoileanna na hÉireann.



Tá ABC ag croílár na dtionscnamh náisiúnta maidir le frithbhulaíocht.

DUL I NGLEIC LE BULAÍOCHT LE HACMHAINNÍ AR LÍNE

Tá taighde de chuid an Lárionaid Náisiúnta um Thaighde agus Acmhainní Frithbhulaíochta (ABC) ina bhunús le láithreán gréasáin nua arna mhaoiniú ag an rialtas, a seoladh i mbliana, dóibh siúd atá buailte ag an bhfadhb.

Sheol an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan TD, www.tacklebullying.ie le linn di cuairt a thabhairt ar Institiúid Oideachais DCU. Leis an láithreán gréasáin, atá ina chuid de Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Bulaíocht, soláthraítear pointe teagmhála aonair do dhuine ar bith a bhfuil imní orthu maidir le bulaíocht i scoileanna, lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí.

Cuirtear faisnéis ábhartha ar fáil leis maidir le bulaíocht aghaidh le haghaidh, cibearbhulaíocht agus bulaíocht bunaithe ar mhíchumas amhail conas í a chosc agus cathain idirghabháil a dhéanamh. Leis an acmhainn taispeántar tiomantas leanúnach ABC chun a chuid taighde ar fhrithbhulaíocht a athrú go hacmhainn phraiticiúil dóibh siúd atá buailte.



Spraoi agus foghlaim ag Stiúideo Nuála Lego® Education.

STIÚIDEO NUÁLA OIDEACHAIS LEGO

Rinne an Institiúid Oideachais (IO) comhpháirtíocht le Lego® Education chun mol foghlama idirghníomhach a chruthú lena gcuideofar le múinteoirí faoi oiliúint DCU agus le scoileanna in Éirinn cineálacha cur chuige nuálacha agus cruthaitheacha a fhorbairt maidir le hábhair ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht & Matamaitic) a theagasc sa seomra ranga.

Trí chruthú Stiúideo Nuála Lego® Education, d'éirigh an IO ina céad ionad oideachais do mhúinteoirí in Éirinn chun an cur chuige sin a phríomhshruthú ar fud na gclár uile dá cuid. Forbróidh mic léinn na hInstitiúide modheolaíochtaí teagaisc nua ar féidir iad a mhacasamhlú i scoileanna ar fud na tíre. Is é cuspóir an tionscadail díograis in ábhair ETIM a spreagadh ó oideachas luathóige go dtí an tríú leibhéal.

Mná i gCeannaireacht



Seoladh an tionscnaimh Mná i gCeannaireacht DCU, Samhain 2015.

Tá DCU tiomanta do chomhionannas inscne le sraith nua de thionscnaimh.

Seoladh an Tionscnaimh Mná i gCeannaireacht DCU mí na Samhna seo caite. Is ionann an tsraith tionscnamh sin agus aitheantas nach raibh ionadaíocht ban ag leibhéil shinsearachta inghlactha. Cuirtear tús le cur chuige níos réamhghníomhaí leis an tionscnamh Mná i gCeannaireacht maidir le tabhairt faoin tsaincheist thábhachtach um chomhionannas inscne.

Is é aidhm DCU bheith chun tosaigh d'fhonn tabhairt faoi fhadhb atá le feiceáil ar fud na hearnála Ollscoile. Measann an tÚdarás Ardoideachais nach bhfuil ach 29% de phoist shinsearachta i measc na foirne acadúla ar fud na 7 n-ollscoil uile in Éirinn i seilbh ag baill foirne bhaineanna.

D'fhreastail níos mó ná 90 toscaire ar sheoladh an tionscnaimh Mná i gCeannaireacht agus ionadaíocht á déanamh acu do raon dámh, de ranna agus aonad, Údarás Rialaithe DCU agus do gach ceann de na hinstitiúidí corpraithe. Labhair roinnt de cheannairí ban sinsearachta DCU ag an imeacht lenár áiríodh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna Marian Burns, an Dr Anne Sinnott (Déan Feidhmiúcháin Scoil Ghnó DCU) agus an Dr Janine Bosak (Léachtóir Sinsearach agus Stiúrthóir Staidéar Dochtúireachta, Scoil Ghnó DCU).

Is í gné shuaitheanta an tionscnaimh Sraith Léachtaí Mary McAleese um Mná i gCeannaireacht. Thug iar-Uachtarán na hÉireann, a dhéanann urraíocht ar an tsraith, an chéad léacht. Thug sí an tábhacht chun suntais a bhaineann le mná bheith ina n-urlabhraithe dóibh féin: "Tá sé ríthábhachtach go gcuireann mná iad féin an éagothroime ina ceart, chun a chinntiú nach hionann stádas na mban ach sraith de bhearta reachtacha nó de rialacháin fostaíochta. Ní mór beart a dhéanamh."

Mar fhreagairt ar léacht an iar-Uachtaráin, dúirt Uachtarán DCU, an tOllamh Brian Mac Craith: "Tá DCU tiomanta do na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun cultúr a chruthú lena gcothófar ceannairí láidre, sofheagrúla agus nuálacha."



Thug iar-Uachtarán na hÉireann í féin an chéad léacht sa tSraith Léachtaí Mary McAleese um Mná i gCeannaireacht.



An tOllamh Eithne Guilfoyle agus an Dr Anne Sinnott.



Is cuid de thionscnamh Mná i gCeannaireacht sraith de Lónta Éisteachta.

AN TSRAITH TIONSCNAMH UM MNÁ I GCEANNAIREACHT

Sraith Léachtaí - Mar ghné de Shraith Léachtaí Mary McAleese um Mná i gCeannaireacht beidh raon de cheannairí ban ardíomhá i gceist a labhróidh faoina gconair féin i dtreo ratha, na dúshláin a bhí os a gcomhair agus na héachtaí atá bainte amach acu.

Forbairt Ceannaireachta - Freastalóidh ceannairí ban ó DCU ag a bhfuil seantaithí ar chlár forbartha ceannaireachta in institiúidí iomráiteacha amhail Scoil Ghnó Harvard agus Scoil Eacnamaíochta London.

Glacfaidh DCU páirt ghníomhach i gClár Forbartha Ceannaireachta Aurora de chuid Fhondúireacht Ceannaireachta RA, atá deartha chun cuidiú le tabhairt faoin bhfadhb maidir le líon na mban atá ag laghdú i bpoist shinsearacha in earnáil an ardoideachais.

Lónta Éisteachta - Beidh an deis ag baill foirne bhaineanna chun buaileadh le hUachtarán na hOllscoile agus leis an Stiúrthóir Acmhainní Daonna chun dearcthaí agus smaointe a mhalartú.

Tionscadal 50-50 - Ainmneofar 50% de mhórfhoirgnimh agus saoráidí DCU as ceannródaithe ban na hÉireann. Athainmníodh an Foirgneamh Ríomhaireachta Foirgneamh McNulty in onóir Kathleen Rita McNulty (1921-2006). Bhí an Conallach ina duine de na chéad ríomhchláraitheoirí ENIAC (Suimeálaí agus Ríomhaire Leictreonach Uimhreacha), an chéad ríomhaire digiteach uile-leictreonach. Ainmníodh Foirgneamh Lonsdale in onóir Bantiarna Kathleen Lonsdale (1903-1971), an t-eolaí a rugadh i gCill Dara, a bhí ar thús cadhnaíochta maidir le heolaíocht chrystalagrafaíochta a bhunú. Ainmníodh an bloc larchéime ar Champas Glas Naíon as Mary Brück (1925-2008), an réalteolaí agus réaltfhisiceoir Éireannach. Tríd an taighde dá cuid forbraíodh ár dtuiscint ar struchtúr agus ar fhorbairt na réaltraí in aice láimhe.

Oiliúint don Fhoireann - Rachaidh an fhoireann uile a bhfuil baint acu le próisis earcaíochta faoi oiliúint um chlaontacht neamh-fhiosach d'fhonn cinntí cothroma um roghnú, earcaíocht agus cur chun cinn a chinntiú.

Maoiniú Taighde - Déanfar ciste de €50,000 a fhoinsiú chun tacú le taighde a bhaineann le tionscnamh Mná i gCeannaireacht DCU sna 3 bliana le teacht.

Ag Cuimhneamh ar 1916

Bhí DCU i measc na bpobal agus na n-institiúidí ar fud na hÉireann a rinne comóradh 100 bliain Éirí Amach na Cásca 1916 a cheiliúradh.

CUIMHNEAMH, MACHNAMH, ATHMHUINTEARAS, ATHSHAMHLÚ, CEILIÚRADH

Mar ollscoil óg, dhírigh DCU go príomha ar thodhchaí ár sochaí, ach d'aithníomar i gcónaí gur cheart go dtreorófaí ár mbealach roghnaithe ag ceachtanna ón am atá caite. In 2016, rinneamar an bhliain chomórtha sin a cheiliúradh le clár imeachtaí lena ndearnadh iniúchadh ar éagsúlacht iomlán eispéiris 1916.

Spreagadh an clár leis na téamaí: Cuimhneamh, Machnamh, Athmhuintearas, Athshamhlú, Ceiliúradh. Áiríodh leis imeachtaí agus tionscnaimh ina raibh pobal DCU agus an pobal níos leithne páirteach. Léiríodh leis na himeachtaí sin idéil na tréimhse réabhlóidí agus eispéireas na ndaoine a mhair tríd an tréimhse sin, tugadh an méid atá foghlamtha againn chun suntais leo maidir le síocháin agus athmhuintearas, agus rinneadh machnamh leo ar thodhchaí ár bPoblachta - stát a gineadh i bhForógra Phádraig Mhic Piarais ó chéimeanna Ard-Oifig an Phoist.

Bhí grúpaí pobail, scoileanna, an pobal i gcoitinne agus comhpháirtithe idirnáisiúnta rannpháirteach go gníomhach sa chlár. Áiríodh leis siompóisiamai stairiúla, gníomhaíochtaí agus comórtais do pháistí, athléirithe agus fiosrúcháin ar líne.

FORÓGRA

Rinne DCU Lá an Fhorógra a chomóradh Dé Máirt an 15 Márta 2016 le hardú speisialta bhratach na hÉireann ag bealach isteach ar Ascaill Uí Choileáin chuig Campas Ghlas Naíon dár gcuid. Tar éis ardú na brataí léigh Alastair Dennehy as Cumann Drámaíochta DCU an Forógra. Ag labhairt dó ag an imeacht comórtha, dúirt an tOllamh John Doyle, Déan Dhámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

“Is ionann an Forógra agus doiciméad stairiúil iontach, agus noirm pholaitiúla na tréimhse sin á gcur san áireamh. Cosúil le 1776 do shaoránaigh SAM nó 'la Fête du 14 Juillet' do shaoránaigh na Fraince, is ionann é agus tráth dóchais, tráth uaillmhéine agus tráth díograise do Phoblacht na hÉireann a bunaíodh an lá sin.....Le freagairt ollmhór an phobail do chuimhneacháin 2016, léirítear ní hamháin tréimhse chuimhneacháin ach tráth dóchais athnuaite chun idéil Fhorógra 1916 a réadú.”



Alastair Dennehy as Cumann Drámaíochta DCU ag léamh Fhorógra na Cásca.



Bratach na hÉireann á hardú ag comóradh Éirí Amach na Cásca DCU.



Fáilte ar Líne, ardán ar líne nua de chuid DCU chun cuidiú le foghlaim na Gaeilge dár saoránaigh féin agus don diaspóra Éireannach.

TIONCHAR 1916

Chonacthas roinnt imeachtaí i mbliana chun machnamh a dhéanamh ar an Éirí Amach agus an tionchar a bhaineann leis. I Mí Eanáir, tionóladh siompóisiam poiblí dar teideal 1916 i gComhthéacs ag Campas Naomh Pádraig DCU, arna eagrú ag Scoil Staire agus Tíreolaíochta DCU. Chuir staraithe agus saineolaithe páipéir i láthair lena bpléadh comhthéacsanna polaitiúla, cultúrtha agus míleata na tréimhse. Ina dhiaidh sin, tionóladh roinnt siompóisiamai agus léachtaí lena bpléadh téamaí amhail Páistí agus Réabhlóid na hÉireann, Iriseoirí agus an Éirí Amach, agus Mná agus Polaitíocht na hÉireann ó 1916 go Comhaontú Aoine an Chéasta.

SCOILEANNA AGUS 1916

I measc na n-imeachtaí do scoileanna bhí Cluichí 'MindRising'. Ghlac beagnach 450 scoil agus grúpa óige páirt sa chomórtas sin a chuir dúshlán rompu Minecraft a úsáid chun scéal oileán na hÉireann a insint, ag féachaint siar ar 1916 agus ag féachaint ar aghaidh go dtí 2116. Bhuaigh Scoil Buachaillí Iósaf, Doire, an duais shinsearach agus bhuaigh Scoil na mBráithre Críostaí, Baile Mhistéala an catagóir shóisearach. Idir an dá linn, ba thionscadal é Forógra do Ghlúin Nua (i gcomhar le scoilnet.ie) chun páistí scoile a chumasú a leagan féin den Fhorógra a scríobh d'Éirinn nua-aimseartha.

ÉIRÍ AMACH DIGITEACH

Chonacthas roinnt tionscnamh digiteach nua i mbliana. Seoladh Fáilte ar Líne, ardán ar líne nua de chuid DCU chun cuidiú le foghlaim na Gaeilge dár saoránaigh féin agus don diaspóra Éireannach. D'fhógraíomar MOOC nua (cúrsa ar líne oscailte ollmhór) agus an Tréimhse Réabhlóideach á cumhdach aige, atá ina chéad mhodúl de MA ar líne i Stair na hÉireann.

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Áiríodh le himeachtaí ina raibh gné idirnáisiúnta an chéad Léacht Ambasadóra arna thabhairt ag a Shoilse, an tUasal D. Chilcott CMG, Ambasadóir na Breataine chuig Éirinn ag Campas Naomh Pádraig DCU. Bhí comhdháil bhliantúil Cumann na Fraince um Léann Éireannach dírithe ar an téama 'Frithbheartaíocht neamh-fhoréigineach' - Easurraim agus díoscúrsa contráilte mar airm shuibhiachtúla i gCultúr na hÉireann.

Ollscoil na Fiontraíochta

Tá clú ar DCU mar Ollscoil Fiontraíochta na hÉireann, agus cáil uirthi as ucht comhoibriú éifeachtach le tionsclaíocht, socruithe maoinithe thaighde, cuntas teiste láidir maidir le haistriú eolais, agus cláir atá freagrúil maidir le bearnaí i scileanna atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar.



DCU ALPHA

PLEANANNA UAILLMHIANACHA AG DCU ALPHA

I Mí na Nollag, nochtaigh DCU ALPHA pleananna uailmhianacha chun líon na gcuideachtaí lena dtugann sé tacaíocht a fhás go 100, agus líon iomlán na ndaoine a oibríonn ar an gcampas nuála dár gcuid ag méadú go 800. Is braisle nuála DCU Alpha atá ina bhfuil níos mó ná 30 cuideachta agus 350 post ardteicneolaíochta ó bunaíodh é ag deireadh 2013, tar éis seanláithreán Fhiontraíocht Éireann a aistriú chuig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi Phlean Gníomhaíochta 2013 le haghaidh Post.

Forbraíodh an tsaoráid oifigí, saotharlann agus taighde thionsclaíoch in DCU Alpha ina grúpa de chuideachtaí gníomhacha lena líontar an bhearna dhigiteach agus fhisiceach ar bhonn gníomhach, le teicneolaíochtaí nua Idirlíon na nEarraí.

D'fhógair Accent Solútions pleananna chun 100 de na poist réamh-mheasta a chruthú i Mí Eanáir.

Tá sé beartaithe acu an fhoireann nua a fhostú ag DCU Alpha thar thréimhse dhá bhliain, agus an lucht saothair a mhéadú go 230. Bhunaigh Anne Ita Ryan agus Martin McMahon Accent Solutions in 2012, agus déanann sé speisialtóireacht i raon de réitigh innealtóireachta agus saoráidí a sholáthar do na hearnálacha tráchtála, d'ionaid sonraí agus do na hearnálacha déantúsaíochta agus poiblí.


DUAIS CHRUINNÍÚ MULLAIGH FIONTAR EORPACH BUAITE AG MAC-CHUIDEACHTA DCU

Tugadh nuáil ardchaighdeán den chéad scoth mhac-chuideachta DCU Ambisense chun suntais i Mí na Nollag nuair a bhuaigh sí duais ag an 9ú Cruinniú Mullaigh Fiontar Eorpach in Dusseldorf. Seo an imeacht líonraithe agus infheistíochta is clúití san Eoraip do ghnólachtaí teicneolaíochta nua-thionscanta, d'infheisteoirí caipitil fiontar agus do chorparáidí teicneolaíochta.

Dearann agus déanann Ambisense uirlisí agus líonraí braite gáis grianchumhachtaithe cliste. Bhí sé i measc cúig chuideachta chun an chatagóir Cleantech a bhuachan, tar éis an imeachta 2 lá cur i láthair, líonraithe agus comhroinnte smaointe. Tugadh cuireadh do na cuideachtaí láithreoireachta mar na cuideachtaí is fearr sa Chomórtas Fiontar Eorpach, arna roghnú thar shraith imeachtaí cáilithe réigiúnacha nó dírithe ar earnálacha.



Bhuaigh Ambisense duais ag Cruinniú Mullaigh Fiontar Eorpach.



An tOllamh Tony Killard, Príomhoifigeach Teicneolaíochta ag BreathDX

SOCRÚ CEADÚNAIS COMHAONTAITHE AG BREATHDX LE DCU

Leagadh béim ar cháil DCU as aistriú eolais leis an bhfógra go ndearnadh comhaontú ceadúnaithe mór le BreathDX chun rochtain a fháil ar a chuid teicneolaíochta tomhais amóinia anála AmBeR® nuálach. Is é an tOllamh Tony Killard a smaoinigh ar AmBeR®, agus forbraíodh é le linn dó a bheith ag an Institiúid Diagnóisice Bithleighis (BDI) ag DCU.

Tá Killard anois ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta ag BreathDX, an chuideachta a bhfuil an teicneolaíocht á cur chun cinn agus a saothrú aici go hidirnáisiúnta, d'fhoill tabhairt faoi mhonatóireacht agus faoi bhainistíocht ar raon de ghalair. Leis an ngaireas nuálach atá á fhorbairt ag BreathDX úsáidtear braiteoirí clóite indiúscartha bunaithe ar nanaitheicneolaíocht, agus is féidir é a dhéanamh níos mine ina ghaires iniompartha láimhe cosúil leis an anáileadán alcóil coitianta. Tá an comhaontú is déanaí sin le DCU ar aon dul le forbairt ar feadh deich mbliana de chuid na hollscoile ar theicneolaíocht tomhais amóinia anála, arna maoiniú ag Fiontar Éireann agus tá sí bunaithe ar theicneolaíocht braiteora phaitinnithe agus ar theicneolaíocht le paitinn ar feitheamh.

CREIDIÚNÚ AACSB FAIGHTE AG SCOIL GHNÓ DCU

In 2016, bronnadh creidiúnú ar DCU ag an gcomhlacht creidiúnaithe is sine agus is clúití ar domhan maidir le scoileanna gnó. Aithnítear faomhadh ag AACSB International - An Cumann le haghaidh Scoileanna Gnó Coláisteacha a Chur Chun Cinn - go forleathan mar chomhartha de bharr feabhais in oideachas gnó, agus tuilleadh é ag líon níos lú ná cúig faoin gcéad de scoileanna gnó an domhain.

Is próiseas é creidiúnú a aimsiú lena mbaineann athbhreithniú inmheánach dian, teagmháil le meantóir arna shannadh ag AACSB, agus athbhreithniú ag piaraí. Le linn an phróisis a mhaireann roinnt blianta, díríonn an scoil ar phlean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun bheith ar aon dul le caighdeán chreidiúnaithe AACSB.

AIB CHUN CATHAOIRLEACH IN ANAILÍSÍOCHT SONRAÍ A MHAOINIÚ I DCU

Tá tábhacht fiontair maidir le réimsí taighde nua a fhorbairt ag méadú. I Meán Fómhair, d'fhógair AIB go ndéanfaidh sé an chéad Chathaoirleach in Anailísíocht Sonraí ag DCU a mhaoiniú. Rinneadh an fógra agus borradh ag tarlú in earnáil na Mórshonraí, agus tá sé réamh-mheasta go gcruthófar 30,000 deis poist leis suas go dtí 2020.

Gheall AIB maoiniú chúig bliana don Cathaoirleach, a sholáthróidh ceannaireacht acadúil agus taighde i réimse na hEolaíochta Sonraí (Anailísíocht). Beidh an post lonnaithe i Scoil Ríomhaireachta DCU. Tá fostú taighdeora iar-dhochtúireachta agus mic léinn PhD á maoiniú freisin ag AIB.

Dúirt Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AIB, Bernard Byrne, go ndéanfar forbairt leis an gCathaoirleach in Anailísíocht Sonraí ar chlú láidir DCU as barr feabhais trí thaighde a tháirgeadh chun cuidiú le heagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon léargais luachmhara a fháil ó na méideanna móra sonraí a bhailíonn siad.



Faigheann Déan Scoil Ghnó DCU an Dr Anne Sinnott an teastas AACSB mór le rá.

Tuarascáil Airgeadais na hOllscoile

Formáid Ráiteas Maoinithe HEA

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016

	2016 Euro '000	2015 Euro '000
IONCAM		
Deontais Stáit	23,686	23,409
Táillí ó Mhic Léinn	65,883	61,445
Ioncam Eile	7,745	8,352
	97,314	93,206
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	13,422	20,874
Institiúid Oideachais Mater Dei	1,881	2,299
Deontais Taighde agus Tionscadail	49,478	50,275
	64,781	73,448
Ioncam Iomlán	162,095	166,654
CAITEACHAS		
Saoráidí agus Ranna Acadúla	54,444	52,952
Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile	5,911	5,619
Áitribh	7,054	7,297
An Méid atá Leithdháilte Chun Críocha Caipitil	5,482	3,769
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí	11,125	10,588
Caiteachas Oideachais Ginearálta	792	752
Seirbhísí na Mac Léinn	5,566	5,538
Caiteachas Ilchineálach	6,933	6,685
	97,307	93,200
Coláiste Phádraig, Droim Conrach	13,422	20,874
Institiúid Oideachais Mater Dei	1,881	2,299
Deontais Taighde agus Tionscadail	49,478	50,275
	64,781	73,448
Caiteachas Iomlán	162,088	166,648
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí Caipitil agus Deontas agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	7	6
Dímhéas ar Shócmhainní Seasta	(8,554)	(7,627)
Gluaiseacht um Chúlchiste Ginearálta	8,554	7,627
Barrachas don bhliain	7	6

AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016

	2016	2015
	Euro	Euro
	'000	'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	278,192	267,371
INFHEISTÍOCHTAÍ	1	1

SÓCMHAINNÍ REATHA

Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc	3,042	13,845
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	69,111	41,302
Stoic	217	226
	72,370	55,373
Lúide: DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe	108,912	100,212
GLANDLITEANAIS REATHA	(36,542)	(44,839)

DLITEANAIS FHADTÉARMACHA

Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	76	68
	241,575	222,465

REPRESENTED BY:

Cúlchiste Ginearálta	241,224	222,121
Cúlchiste Ioncaim	351	344
	241,575	222,465

Ní chuimsíonn Tuarascáil Airgeadais na hollscoile torthaí agus glansócmhainní na ngnóthas fochuideachta.

Faoi rialacha cuntasáíochta, ní chuimsíonn na torthaí a chuirtear i láthair i dTuarascáil Airgeadais na hollscoile an t-iomlán na hInstitiúidí Corpraithe a áireamh. Léirítear cuimsiú iomlán sa bhliain airgeadais 2016/17.

Tinreamh an Údaráis Rialaithe

DEIREADH FÓMHAIR 2015 - MEÁN FÓMHAIR 2016

Tháinig Údarás Rialaithe DCU le chéile sé huaire in 2015/2016 ar na dátaí a leanas:

- 22 Deireadh Fómhair 2015
- 11 Nollaig 2015
- 11 Feabhra 2016
- 28 Aibreán 2016
- 23 Meitheamh 2016
- 22 Meán Fómhair 2016
- 30 Meán Fómhair 2016

Seo a leanas an taifead tinrimh maidir le gach comhalta den Údarás:

Tinreamh Bhall an Údaráis		Taifead Tinrimh	Éirí As Dáta	Ceapachán Dáta
1.	An Dr Martin McAleese	7/7	Ag leanúint	-
2.	An tOllamh Brian Mac Craith (Uachtarán)	7/7	Ag leanúint	-
3.	An tOllamh Sean Farren	4/5	23 Meitheamh 2016	-
4.	An Dr Declan Raftery	7/7	Ag leanúint	-
5.	An tUasal Margaret Sweeney (Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta)	5/5	23 Meitheamh 2016	-
6.	An tOllamh Eithne Guilfoyle	4/7	Ag leanúint	-
7.	An Dr Andrew McGrady	7/7	30 Meán Fómhair 2016	-
8.	An Dr Noel Murphy	7/7	Ag leanúint	-
9.	An tOllamh Gary Murphy	4/7	Ag leanúint	-
10.	An tUasal John Power	6/7	Ag leanúint	-
11.	An tUasal James Corcoran	6/7	Ag leanúint	-
12.	An tUasal Regina Moran	2/5	23 Meitheamh 2016	-
13.	An tUasal Mairead Dunne	2/5	23 Meitheamh 2016	-
14.	An tUasal Brid Horan	6/7	Ag leanúint	-
15.	An tUasal Paul Smith	5/6	22 Meán Fómhair 2016	-
16.	An tUasal Orlaith McBride	0/5	23 Meitheamh 2016	-
17.	An Dr Shirley Coyle	2/5	23 Meitheamh 2016	-
18.	An tOllamh Fiona Regan	5/7	30 Meán Fómhair 2016	-
19.	Ms. Phylomema McMorrough	3/7	30 Meán Fómhair 2016	-
20.	An Dr Caroline McMullan	5/7	Ag leanúint	-
21.	An tUasal John Smith	2/7	30 Meán Fómhair 2016	-
22.	An tUasal Tom McCarthy (Cathaoirleach an Choiste Riosca)	5/5	23 Meitheamh 2016	-

23.	An tUasal Terence O'Rourke (Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh um Airgeadas Straitéiseach)	5/7	Ag leanúint	-
24.	An tUasal Owen Keegan	1/5	21 Meitheamh 2016	-
25.	An tUasal James Donoghue	3/7	Ag leanúint	-
26.	An Dr Anne Lodge	2/7	30 Meán Fómhair 2016	-
27.	An tUasal Lynette Faye	2/7	Continuing	-
28.	An tUasal Ruairi Tubrid	2/5	23 Meitheamh 2016	-
29.	An Clr. Keith Redmond	3/4	23 Meitheamh 2016	-
30.	An tUasal Larry Quinn	1/3	Ag leanúint	-
31.	An tUasal Pat Gilroy	1/2	-	22 Meán Fómhair 2016
32.	An tUasal Bernie Gray	2/2	-	22 Meán Fómhair 2016
33.	An tUasal Allan Stevenson	1/2	-	22 Meán Fómhair 2016
34.	An tUasal Deirdre O'Connor	1/2	-	22 Meán Fómhair 2016
35.	An tUasal Kim Sweeney	5/5	23 Meitheamh 2016	-
36.	An tUasal Dylan Kehoe	2/2	-	22 Meán Fómhair 2016
37.	An tUasal Eimear Maguire	1/2	30 Meán Fómhair 2016	-
38.	An tUasal Kenneth Browne	1/1	23 Meitheamh 2016	-
39.	An tUasal Eve Kerton	1/1	23 Meitheamh 2016	-
40.	An tUasal Clíodhna Daly	1/1	23 Meitheamh 2016	-
41.	An tUasal Patrick McDevitt	5/5	23 Meitheamh 2016	-
42.	An tUasal Declan Moylan	1/2	23 Meitheamh 2016	-

Chríochnaigh an tÚdarás Rialaithe a théarma oifige cúig bliana ar an 28 Iúil 2016.

CRUINNITHE AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar na dátaí a leanas in 2015/2016:

- 25 Samhain 2015
- 18 Aibreán 2016
- 16 Meitheamh 2016

Tinreamh Bhaill an Choiste Iniúcháireachta	Taifead Tinrimh	Éirí As Dáta	Ceapachán Dáta
1. An tUasal Margaret Sweeney (Cathaoirleach)	3/3	23 Meitheamh 2016	
2. An tUasal Marion O'Brien	3/3	Ag leanúint	
3. An tUasal Brid Horan	3/3	Ag leanúint	
4. An tUasal Tom McCarthy	3/3	23 Meitheamh 2016	

